ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

OIBRÍ SÓISIALTA CÁILITHE GO GAIRMIÚIL UM RIANÚ UCHTÁLA IDIR TÍORTHA (ICA) – BUAN AG TEASTÁIL

Is comhlacht reachtúil é Údarás Uchtála na hÉireann (ÚUÉ) a bunaíodh an 1 Samhain 2010 agus is é an tAcht Uchtála 2010 an reachtaíocht is bonn don Údarás.

Is é an misean atá againn ná "A chinntiú go soláthrófar na caighdeáin is airde agus is féidir de sheirbhísí a bhaineann le huchtú, ar feadh an phróisis uchtála fad saoil, ar mhaithe le leas leanaí mar an chéad chuspóir agus an phríomhchuspóir."

Tá fás suntasach ag teacht ar an ÚUÉ agus é ag glacadh le feidhmeanna nua agus fairsingíocha mar thoradh ar an Reachtaíocht Faisnéise Breithe agus Rianaithe nua.

Tá roinnt deis spreagúil againn faoi láthair laistigh den fhoireann oibre sóisialta agus sinn ag fás agus ag athrú ár n-eagraíochta ó bhonn.

Tá an ÚUÉ ag iarraidh Oibrí Sóisialta Cáilithe Go Gairmiúil um Rianú Uchtála Idir Tíortha (ICA) a earcú a bheidh lonnaithe i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Tá an ÚUÉ tiomanta do chothromaíocht dhearfach oibre is saoil a sholáthar dár bhfoireann, ag teacht le beartais agus nósanna imeachta níos leithne na Seirbhíse Poiblí. Tá idir obair chumaisc agus obair sholúbtha ar fáil faoi réir chineál na ndualgas.

Dáta Deiridh: Meán Lae, Dé Céadaoin, 15ú Feabhra 2023